# FORBAIRT AN BHAILE BHRIC SA NAOÚ CHÉAD DÉAG

## 1. An Sionnach Rua ar an gCarraig

Nuair a deineadh an t-Inniúcadh Siabhialta in 1654 [1] bhí an talamh thart ar Bhaile na Lochán, agus an Baile Breac san áireamh, roinnte go cothrom idir thalamh churaíochta agus innilt. Níor athraigh seo morán i rith an ochtú chéad déag agus in 1760, mar shampla, bhí an talamh oscailte go leor le caoi a thabhairt don Kilruddery Hunt dul ag fiach ar an tsionnach ó Chimín Bhré go Chabán tSíle agus é a scuabadh rompu isteach sa bhfarraige thart ar Rinn Vico. Cheiliúir Thomas Mozeen an móréacht seo ina chuid véarsaíocht agus d'fhoilsigh sé é agus fonn Síle Ní Ghadhra leis. [2] Ba chuimhin leis an aisteoir John O'Keeffe "..... coinfhia faoi lán luas, -a cheann is a bheanna in airde, a gceann ligthe leis an gconairt ar a sháile, agus ar a gcúl siúd an sealgaire ar mhuin chapaill, ag séideadh a adharc fiaidh, agus scata scuibhéir in éindí leis, mar a chonac go minic i gceantar Bhré is Dún Laoghaire, agus i mBaile na Lochán le Johnny Adair ó Kiltiernan i mbarántas tosaigh na slua." [3]

Tá cur síos in amhrán Mozeen ar an mbealach ar ghlac na sealgairí le flaithiúlacht Iarla na Mí ina theach siúd i gKilruddery i ndiaidh na seilge. Is cinnte gur thugadar cuaird amanntaí ar thábhairne duine dá gcuid, Owen Bray, i mBaile na Lochán. Tá tagairt dó siúd san amhrán mar "Ostóir Bhaile na Lochán." De réir tuairiscí áirithe, bhí geáitsí ar bun sa tábhairne céanna a choinníodh go cúramach ó chluasa an mór-phobail, mar abhí "scuibhéirí ó'n gcomharsanacht ag reachtáil troideanna coileach agus iad freisin i mbun babhtaí drabhláis a bhí chomh hainsrianta sin ná béadh sé de dhánaíocht iontu tabhairt futhu ina dtithe fhéin." [4] Thug Mozeen cuaird ar an tábhairne go rímhinic agus scríobh sé amhrán ar leith faoi'n áit a thabharfadh le tuiscint gurb í an fhírinne beacht abhí ins na ráflaí seo ar fad. Tugann an t-amhrán céanna le fios dúinn gurb ionad sosa é an t-ostán céanna don dream abhí tar éis a dteacht i dtír ó Shasana i ndiaidh turas garbh thar Mhuir Éireann, agus iad anois ag taisteal ó dheas. [5]

In 1814 nuair a d'imigh Ann Plumtre an bealach thart, níorbh tábhairne a thuilleadh é ach teach mór. Bhí an teach ró ghar don bhóthar, áfach, dar leis an duine uasal arbh leis é: chuir sé an príomhdhoras ar chúi